An Roinn Oideachais
Department of Education

# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Nóta faisnéise do scoileanna

Meán Fómhair 2024, Eagrán 7

# Faisnéis agus Nuashonruithe ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Réamhrá

Is é seo an seachtú heagrán i sraith nótaí faisnéise de chuid na Roinne Oideachais ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Cuireann na nótaí seo nuashonruithe ar fáil do phobail scoileanna ar fheidhmiú céimneach an chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí. Tá an nóta seo eisithe ag an Roinn chuig gach iar-bhunscoil agus iarrtar é a scaipeadh ar scoláirí, tuismitheoirí agus baill foirne i ngach scoil. Beidh an nóta faisnéise ar fáil ar líne freisin agus tá fáilte roimh scoileanna naisc a sholáthar chuige óna láithreáin ghréasáin agus ó láithreacha digiteacha eile.

## Príomh-nuashonraithe

Sheol an tAire Foley go hoifigiúil dá ábhar nua na Sraithe Shinsearai: Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta, agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Seoladh modúl nua na hIdirbhliana ar shábháilteacht bóithre – “Road Safety Matters”.

### Preasráitis

Seolann an tAire Foley feidhmiú céimneach ábhair nua na Sraithe Sinsearaí maidir le Léann na Drámaíochta, na Scannánaíochta agus na hAmharclannaíochta, agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhunaithe. Léigh anseo. D'fhoilsigh an tAire Foley na scoileanna a bheidh páirteach i bhfeidhmiú céimneach chéim a haon de na hábhair nua don Ardteistiméireachta. Léigh anseo.




C-D Joanna Donnelly (Met Éireann), Dearbhla Walsh (Stiúrthóir), Cleona Ní Chrualaoí (Léiritheoir), Colm Bairéad (Stiúrthóir), An tAire Norma Foley, Alisha Weir (Aisteoir), Eimear Manning (Comhairle Náisiúnta na nÓg), Patrick Kirwan. (Múinteoir, Ardscoil na Mara)

# Seoladh dá ábhar nua


Sheol an tAire Oideachais, Norma Foley, an dá ábhar nua don tSraith Shinsearach an mhí seo, Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíocht na hArdteistiméireachta;agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, ag ócáid ag an Institiúid Scannán na hÉireann.



Ba tráth tábhachtach é an seoladh i gClár Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí agus i bhfís an Aire do Shraith Shinsearach a thugann deis do dhaoine óga staidéar a dhéanamh ar réimse ábhar atá ag teacht lena gcuid buanna agus lena n-ábhar spéise.



# Seoladh dá ábhar nua



An tAire Norma Foley sa phictiúr le scoláirí agus múinteoirí ó Ramsgrange Community School.




Mohammad Naeem, agus Alicia Joy O’Sullivan (iar-Toscáirí Óige UN) sa phictiúr leis an tAire Foley agus Joanna Donnelly (Met Éireann)

# Seoladh dá ábhar nua




Aura Matthey agus Patrick Kirwan, múinteóirí ó scoileanna i gCéim a hAon, ag labhairt leis an slua.



# For-rochtain d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

## Podchraoladh le Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí

Tá a sraith podchraoltaí maidir le an tSraith Shinsearach seolta ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí. Sa chéad eagrán, téann siad i mbun comhrá le Esther Doyle, ó Oifig Bainistíochta an Chláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, faoi Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.  Féadfaidh tú éisteacht leis anseo.







Tá Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoir ar an bhFóram Comhpháirtithe Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí , grúpa rannpháirtíochta ionadaíoch do pháirtithe leasmhara atá mar bhonn agus mar thaca ag an gcomhoibriú atá riachtanach chun tacú leis an gcur chun feidhme, agus más iomchuí, le tuilleadh forbairtí faoin gclár.

Cuimsíonn an bhallraíocht ionadaithe de scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus bainistíocht na scoile, An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBAFNE) agus eagraíochtaí ábhartha eile.

Is féidir tuilleadh eolais ar an bhFóram a fháil anseo..

# Seoladh Road Safety Matters

An mhí seo, sheol an tAire Oideachais an clár nua idirbhliana "Road Safety Matters" ar Bhóithre atá deartha chun cuidiú le scoláirí na bóithre a úsáid ar bhealach níos sábháilte. Forbraíodh an clár i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre le tacaíocht ón nGarda Síochána. Forbraíodh an clár chun tacaíocht bhreise a thabhairt do scoláirí agus do mhúinteoirí na hIdirbhliana, agus tairgtear leis treoir céim ar chéim chun scoláirí a ullmhú, oideachas a chur orthu agus tacaíocht a thabhairt dóibh maidir lena dturas sábháilteachta ar bhóithre. Mar chuid den seoladh, d'fhógair an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre IPB Insurance mar urraitheoir oifigiúil an chláir. Foghlaimeoidh daltaí a bheidh rannpháirteach sa chlár an tábhacht a bhaineann leis an mbóthar a roinnt, agus forbróidh siad an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na cáilíochtaí chun iad a ullmhú mar úsáideoirí bóithre agus mar thiománaithe sábháilte, má chinneann siad tiomáint amach anseo.  Tá 10 modúl sa chlár lena n-áirítear seisiún achoimre, foghlaim conas tiomáint, comhpháirteanna cairr, luas, alcól, drugaí, seachrán, criosanna sábhála, úsáideoirí bóithre leochaileacha agus measúnú.

Is féidir an clár "Road Safety Matters" a theagasc thar thréimhse 10 seachtaine nó níos faide ag brath ar amchlár idirbhliana na scoile. Tá suim léirithe ag thart ar 220 scoil i gcéim a haon den chlár, agus chláraigh os cionn 110 scoil d'oiliúint múinteoirí ar an modúl nua. Is féidir le scoileanna a suim a chlárú anseo.

Ba é Marian College, Droichead na Dothra, a d'óstáil an seoladh, agus tugadh buíochas ar leith don phríomhoide Oonagh McCaul.




Scoláirí ó **Choláiste Mhuire,** an Muileann gCearr sa phictiúr leis an Aire Oideachais Norma Foley TD, Príomhfheidhmeannach an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, Sam Waide, Coimisinéir Cúnta an Gharda Síochána Paula Hilman, Cathaoirleach IPB Insurance, an tUasal John Hogan.

# Seoladh Road Safety Matters













# Road Safety Matters




**Físeán faoi shábháilteacht ar bhóithre a rinne na scoláirí**

Rinne Coláiste Mhuire, an Muileann gCearr, a d'fhreastail ar an seoladh an mhí seo, físeán faoi shábháilteacht ar bhóithre a scaip go rábach. Leanann sé dhá scoláire ón scoil atá ag cur téacsanna ag a chéile, rud a raibh imbhualadh ar an mbóthar mar thoradh air. Is féidir féachaint air anseo.



# Athfhorbairt na Sraithe Sineasaí go dtí seo

Sa bhliain 2022, d'fhógair an tAire Foley pleananna uaillmhianacha le haghaidh Sraith Shinsearach athshamhlaithe oideachais do dhaltaí iar-bhunscoile, áit a mbeadh an dalta ag croílár a (h)eispéiris Sraithe Sinsearaí féin.
Seo thíos an dul chun cinn ardleibhéil a rinneadh go dtí seo ar phríomhghníomhartha Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.

| Príomhghníomhartha Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí | An dul chun cinn go dtí seo |
|---|---|
| Struchtúir cur chun feidhme agus rialachais a bhunú chun soláthar rathúil Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a chinntiú | Bunaíodh an Oifig Cláir um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, an Grúpa Cur Chun Feidhme um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí, an Fóram Comhpháirtithe um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí agus an Bord um Chlár Athfhorbartha na Sraithe Sinsearaí a Sholáthar. |
| Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 na Sraithe Sinsearaí a thabhairt isteach | Foilsíodh Ráiteas Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus sraith thosaigh de mhodúil L1 agus L2. |
| Ráiteas Chlár na hIdirbhliana a fhoilsiú, agus obair i dtreo an rogha a bheith ag gach dalta an Idirbhliain a ghabháil de láimh. | Foilsíodh Ráiteas Chlár na hIdirbhliana. Thar an scoilbhliain 2024/25, beidh an deis ag gach scoil a dtairiscint Idirbhliana reatha a iniúchadh agus í a athbhreithniú i gcás gur gá ar aon dul le Ráiteas an Chláir. |
| Beidh na daltaí uile i scoileanna atá ag tairiscint Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) in ann nascmhodúil GCAT a rochtain gan critéir ábhair a chomhlíonadh ón scoilbhliain 2022/23 ar aghaidh. | Uasdátaíodh Ráiteas GCAT chun Nascmhodúil a chur ar fáil do gach dalta ó mhí Mheán Fómhair 2022 ar aghaidh. Tá Nascmhodúil GCAT á n-athfhorbairt i dTráinse 2. Tá méadú an-suntasach tagtha ar an nglacadh le GCAT – ó 12,840 dalta sa bhliain 2023 go 17,234 dhalta sa bhliain 2024. Cuirtear an-fháilte roimhe sin agus is dóigh gur freagairt dhearfach í don tsolúbthacht fheabhsaithe a tugadh isteach faoin tSraith Shinsearach. |
| Beidh daltaí atá ag leanúint chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí in ann Matamaitic agus Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta a rochtain ón scoilbhliain 2022/23 ar aghaidh. | Uasdátaíodh Ráiteas Chlár na hArdteistiméireachta Feidhmí chun rochtain ar Mhatamaitic agus Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta Bunaithe a chinntiú ó mhí Mheán Fómhair 2022 i leith. |


# Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí go dtí seo

| Príomhghníomhartha Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí | An dul chun chinn go dtí seo |
|---|---|
| Deimhneoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit gnóthachtáil na bhfoghlaimeoirí sin, agus a ngnóthachtáil san Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus san Ardteistiméireacht Bhunaithe araon á léiriú. B'fhearr go ndéanfaí é sin ar bhealach comhtháite | Rinne líon beag daltaí Ardteistiméireachta Feidhmí san iomlán ábhair san Ardteistiméireacht Bhunaithe sa bhliain 2024 Táimid ag súil go dtiocfaidh fás ar an líon sin sna blianta amach romhainn. Fuair na hiarrthóirí sin Ráiteas Comhtháite faoi Thorthaí Sealadacha Ardteistiméireachta tríd an Tairseach Féinseirbhíse Iarrthóra. Áiríodh leo sin torthaí Ardteistiméireachta Feidhmí agus torthaí Ardteistiméireachta Bunaithe araon, mar aon le teastas comhtháite. |
| Sonraíochtaí, cláir agus modúil nua agus athbhreithnithe a sholáthair i mbloic bhliantúla, agus Comhpháirteanna Measúnaithe Breise á gcur san áireamh. | Foilsíodh sonraíochtaí ábhair Thráinse 1 uile, agus tá ábhair Thráinse 2 agus Thráinse 3 á bhforbairt. Is féidir an sceideal iomlán d'athbhreithnithe ar shonraíochtaí ábhair a fháil anseo.<br>Foilsíodh dhá ábhar nua – Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta, agus Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe – Ráiteas Chlár na hIdirbhliana, Ráiteas Chláir Foghlama Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 agus modúil tosaigh, agus sonraíocht OSPS don tSraith Shinsearach. |
| Ábhair nua a thabhairt isteach chun na roghanna atá ar fáil do dhaltaí a mhéadú | Foilsíodh sonraíochtaí d'ábhair nua – Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe, agus Léann na Drámaíochta, na Scannán agus na hAmharclannaíochta. Roghnaíodh scoileanna Chéim a hAon tar éis próiseas iarratais, agus an cur i bhfeidhm le déanamh sa bhliain 2025. |
| Tá leibhéal an mhionsonraithe i ndoiciméid churaclaim le breithniú ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) chun tacaíocht leordhóthanach a thabhairt do mhúinteoirí. | Rinneadh taighde a chur i gcrích agus a fhoilsiú. Comhaontaíodh an teimpléad le haghaidh foirm theicniúil do dhearadh sonraíochtaí a dhéanamh ar ábhair na dtráinsí ó Thráinse 1 go Tráinse 5. |
| Cabhróidh CNCM lena chinntiú go mbeidh fáil ar bhealaí cuí solúbtha dul chun cinn isteach san oideachas, san oiliúint agus san obair. | Tá modúl Idirbhliana le haghaidh Gairmoideachas agus Gairmoiliúint Tosaigh forbaithe ag CNCM i gcomhar le SOLAS agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann , agus tá samplaí á dtiomsú aige de na cúrsaí blaiste Breisoideachais agus Oiliúna atá á dtairiscint ag soláthraithe Breisoideachais agus Oiliúna. Tá obair ar bun le SOLAS, le Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun dul chun cinn a dhéanamh ar thuilleadh tionscnamh sa réimse sin. |

# Suíomh nua Athfhorbairt na Sraithe Sinsaraí

Rinneadh an leathanach gréasáin d'Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a uasdátú chun é a dhéanamh níos inrochtana agus níos éasca le húsáid. Leanfar leis an obair seo chun an suíomh gréasáin a nuashonrú sna seachtainí amach romhainn.

Tabhair cuairt ar
[gov.ie/seniorcycle](gov.ie/seniorcycle)



# Tacaíocht le haghaidh múinteoirí agus ceannairí scoile

Chun tacú le ceannairí scoile maidir le hAthfhorbairt na Sraithe Sinsearaí a threorú ina scoil, tá Oide ag tabhairt faoi shraith chuimsitheach tacaíochtaí a chur ar fáil do cheannairí scoile sna blianta amach romhainn, ag tosú i mbliana. Cuirfear sonraí na n-imeachtaí ar fad in iúl roimh ré.

Mar thacaíocht tosaigh, cruthaíodh cur i láthair do cheannairí scoile, agus dhá phríomhchuspóir ar intinn againn.

- Ar an gcéad dul síos, tugtar forléargas ar fhorbairtí nua sa tsraith shinsearach, rud a chuireann ar chumas ceannairí scoile iad féin a chur ar an eolas faoi athruithe curaclaim agus gnáis sa chóras, le héifeacht ó Mheán Fómhair 2024.

- Ar an dara dul síos, agus níos tábhachtaí fós, cuirtear creat ar fáil do cheannairí scoile múinteoirí a thabhairt isteach sa phlé faoi na hathruithe córais seo. Tá formáid an tsleamhnáin deartha chun múinteoirí a spreagadh páirt a ghlacadh go gníomhach agus go neamhspleách agus iad ag dul i dtaithí ar fhaisnéis faoi athfhorbairt na sraithe sinsearaí.

Díríonn an acmhainn seo atá ar fáil anseo ar na nithe seo a leanas:

- Réasúnaíocht le haghaidh na hathfhorbartha
- Ábhair Thráinse 1
- Tabhairt isteach dhá ábhar nua
- Ráiteas an Chláir Idirbhliana
- OSPS
- Cláir Foghlama Leibhéal 1 agus 2 na Sraithe Sinsearaí
  Tacaíochtaí Oide do scoileanna

Is í an aidhm atá ag an acmhainn seo, eisithe ag Oide chuig scoileanna le déanaí, ná cabhrú le ceannairí scoile agus múinteoirí a ullmhú chun machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas ina scoil, agus ar thionchar na bhforbairtí nua ar a gcuid oibre agus ar a bhfoghlaim ghairmiúil.

Tar éis fhoilsiú na hacmhainne seo, leanfar le seimineár gréasáin tacaíochta, a chraolfar ar an **Déardaoin, 26ú Meán Fómhair 2024 ag 11:30 r.n. – 12:30 i.n.** Féach ar an mbileog eolais anseo.
Is féidir tuilleadh sonraí maidir leis an seimineár gréasáin seo, lena n-áirítear conas clárú, a fháil ag an nasc seo.

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Rannpháirtíocht Mhúinteoirí a Éascú Seimineár Gréasáin ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí

Dáta: **Déardaoin, 26ú Meán Fómhair 2024**
Am: **11:30 r.n. – 12:30 i.n.**
Láthair: **Seimineár Gréasáin ar líne**

Forbraíodh seimineár gréasáin do cheannairí scoile, agus dhá phríomhchuspóir ar intinn againn:

- Forléargas a thabhairt ar fhorbairtí nua sa tSraith Shinsearach, rud a chuireann ar chumas ceannairí scoile iad féin a chur ar an eolas faoi athruithe curaclaim agus gnáis sa chóras, le héifeacht ó Mheán Fómhair 2024.
- Creat a chur ar fáil do cheannairí scoile chun múinteoirí a thabhairt isteach sa phlé faoi na hathruithe córais seo. Dearadh an seisiún chun múinteoirí a spreagadh le páirt a ghlacadh go gníomhach agus go neamhspleách agus iad ag dul i dtaithí ar fhaisnéis faoi athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.

Cabhróidh an Seimineár Gréasáin seo le ceannairí scoile ullmhú chun machnamh a dhéanamh ar an gcleachtas ina scoil, agus measúnú a dhéanamh ar thionchar na bhforbairtí nua ar a gcuid oibre agus ar a bhfoghlaim ghairmiúil. Cuireann sé plé comhoibríoch chun cinn agus cur i bhfeidhm na hathruithe don tSraith Shinsearach atá meáite.

Cé na daoine ar cheart dóibh freastal ar an Seimineár Gréasáin?
Ceannairí scoile, mar aon le ceannairí meánacha ábhartha de réir mar is cuí.

Sonraí Clárúcháin:
Cláraigh don seimineár gréasáin roimh 4.i.n. ar an Aoine, 20ú Meán Fómhair, 2024 ar a dhéanaí le do thoil tríd an gcód mearfhreagartha thíos nó tríd an nasc "Cláraigh anois" atá ar fáil anseo.

Déan scanadh anseo

X@Oide_Leadership

oide.ie

## Amlínte d'Ábhair Mheasúnaithe Shamplacha le haghaidh Tráinse 1

### Samhain 2024

Beidh Treoirlínte maidir le Comphairt Measúnaithe Bhreise (CMB) i scoileanna. Bainfidh an tOide úsáid astu seo ina c(h)láir Foghlama Gairmiúla um Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí.

### Aibreán 2025

Eiseofar ceithre pháipéar scrúdaithe shamplacha – dá cheann don Ardleibhéal agus dá cheann don Ghnáthleibhéal – i leith gach ábhar Tráinse 1 chuig scoileanna. Seo 36 páipéar samplach sna naoi n-ábhar – 72 páipéar ar an iomlán nuair a chuirtear leganacha Gaeilge san áireamh.

### Meán Fómhair 2025

Cuirfear sonraíochtaí in ábhair nua agus in ábhair athbhreithnithe isteach sna scoileanna.  Beidh achoimre shamplach don CMB i ngach ábhar sna scoileanna ag an am céanna

### Éanair 2026

Eiseofar an achoimhre bheo le haghaidh CMBanna i ngach ábhar

Tá tuilleadh faisnéise ar Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí le fáil ar
https://www.gov.ie/seniorcycle

Is féidir fiosruithe maidir leis an nóta faisnéise seo a chur ar aghaidh go dtí:
scr_info@education.gov.ie.